# Achoimre na saoránach

# Togra ón AE - cabhrú le daoine poist a aimsiú ar fud na hEorpa

## CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS?

Is gá an **líonra Eorpach de sheirbhísí fostaíochta** (EURES) a **nuachóiriú**.

Is líonra de sheirbhísí fostaíochta poiblí náisiúnta é EURES a chumhdaíonn an AE chomh maith leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin. Meaitseálann na seirbhísí sin cuardaitheoirí poist le tairiscintí poist agus cuireann siad rochtain ar fholúntais agus faisnéis faoi dhálaí maireachtála agus oibre ar fud na hEorpa ar fáil dóibh.

Ar bhonn praiticiúil, cuimsíonn EURES suíomh gréasáin EURES agus líonra os cionn **900 comhairleoir fostaíochta** i ngach tír atá rannpháirteach.

Is é is aidhm don togra ón AE le haghaidh EURES a nuachóiriú:

- **feasacht** a ardú faoi EURES agus faoin tairbhe atá le baint ag cuardaitheoirí poist agus fostóirí as
- **líon na bpost** ar an suíomh gréasáin a mhéadú, agus feabhas a chur ar an tsaoráid chuardaigh chun cabhrú le daoine na folúntais is fearr a oireann dóibh a aimsiú
- feabhas a chur ar an tacaíocht d'fhostóirí atá ag earcú agus cuardaitheoirí poist araon, chun an meaits is fearr eatarthu a chinntiú
- ligean do sheirbhísí fostaíochta príobháideacha agus neamhbhrabúis dul isteach sa líonra - ar choinníoll go gcloífidh siad lena chaighdeáin cáilíochta.

## CÉN T-ATHRÚ GO DÍREACH A BHEIDH ANN?

Leis na rialacha nua:

- dhéanfaí na socruithe maidir le comhroinnt folúntas, iarratas agus CVanna a shoiléiriú
- mhéadófaí an líon folúntas agus CVanna atá ar fáil, rud a chuirfeadh le líon na meaitseanna
- bheadh íosleibhéal tacaíochta ann do chuardaitheoirí poist atá ag smaoineamh ar obair thar lear agus d'fhostóirí atá toilteanach baill foirne a earcú ó thíortha eile (laistigh den Eoraip)
- thabharfaí rochtain do chuardaitheoirí poist agus fostóirí ar chúnamh ó sheirbhísí fostaíochta eile a théann isteach sa líonra

## CÉ A BHAINFEADH LEAS AS AGUS CÉN CHAOI?

Bhainfeadh **cuardaitheoirí poist** leas as:

- rochtain níos éasca ar fhaisnéis faoi chónaí agus bheith ag obair i dtíortha Eorpacha eile
- saoráid chuardaigh atá bunaithe ar scileanna le haghaidh folúntais a chuardach
- rochtain ar chomhairle faoi ghairmeacha beatha
- cabhair phearsantaithe le cuardach poist agus an leibhéal céanna tacaíochta a fhaigheann cuardaitheoirí poist áitiúla

Maidir le **fostóirí**:

- bheadh rogha iarrthóirí níos mó acu, agus seans níos fearr acu baill foirne oiriúnacha a aimsiú
- líonfaidís folúntais níos tapa, agus bheadh laghdú ar na costais dá bharr (cuireann EURES le hobair na seirbhísí fostaíochta náisiúnta)
- bhainfidís leas as tacaíocht ghníomhach nuair a d'fhostóidís oibrithe ó thír Eorpach eile

### CÉN FÁTH A BHFUIL AR AN AE BEART A DHÉANAMH?

- Tá náisiúnaigh an AE (agus náisiúnaigh na hÍoslainne, na hIorua agus Lichtinstéin) i dteideal obair a fháil in aon tír eile san AE nó sa LEE - bunaíodh EURES chun cabhrú le daoine úsáid a bhaint as an gceart sin.
- Trína dhéanamh níos éasca do dhaoine obair a fháil thar lear chuirfí borradh faoin bhfás ar fud na hEorpa, ní i dtíortha áirithe amháin.

### CÉN UAIR A THIOCFADH AN TOGRA I BHFEIDHM?

- 17 Eanáir 2014.